**Aguisín le Ceisteanna Coitianta maidir le Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála le haghaidh Ráithe 2021**

1. **Cad é an cur chuige atá le glacadh le gnóthas a áitíonn níos mó ná 1 réadmhaoin bainteach leis an bpríomhghníomhaíocht ghnó, i gcás go bhfuil réadmhaoin amháin nó níos mó i gcatagóir luachála atá incháilithe don tarscaoileadh (Aguisín C den chiorclán) agus réadmhaoin amháin nó níos mó ann i gcatagóir luachála eisiata ón tarscaoileadh (Aguisín D)?**

   D'fhéadfadh an cás seo teacht chun cinn i gcásanna ar nós na samplaí seo a leanas:

   **Sampla A:** Club oíche agus oifig ghaolmhar (Catagóir Oifig) agus seomra stórais (Catagóir Úsáidí Tionsclaíocha) in aice láimhe a bhfuil luach orthu mar réadmhaoin ar leithligh.

   **Sampla B:** Cógaslann agus seomra stórais in aice láimhe (Catagóir Úsáidí Tionsclaíocha) a bhfuil luach air mar réadmhaoin ar leithligh.

   **Sampla C:** Siopa agus oifig ghaolmhar (Catagóir Oifig) agus seomra stórais (Catagóir Úsáidí Tionsclaíocha) in aice láimhe a bhfuil luach orthu mar réadmhaoine ar leithligh.

   **Sampla D:** Áitreabh gnó miondíola nó áitreabh eile atá incháilithe faoi Aguisín C, a úsáideann stóráil lasmuigh den láithreán i réadmhaoin a mheastar a bheith eisiata in Aguisín D, mar shampla eastát tionsclaíochta.

   Moltar d'údaráis áitiúla an tarscaoileadh a chur i bhfeidhm ar bhealach a chuireann san áireamh phríomhghníomhaíocht/úsáid na ngnólachtaí sin atá ag áitiú réadmhaoine ata coimhdeach leis an bpríomháitreabh gnó agus atá cóngarach dó.

   Má tá príomhchatagóiriú gnó incháilithe in Aguisín C agus má tá réadmhaoine breise ann a thuigtear gur cuid den fhiontar í agus atá coimhdeach leis an bpríomháitreabh gnó agus atá cóngarach dó (ach a bheadh eisiata in Aguisín D dá ndéanfaí é a mheas neamhspleách ón bpríomháitreamh), ansin ba cheart don údarás áitiúil an tarscaoileadh a cheadú do na réadmhaoine breise sin freisin.

   Mar sin féin, má tá príomhchatagóiriú gnó incháilithe in Aguisín C agus má tá réadmhaoine breise bainteach leis an ngnólacht ann atá lasmuigh den láthair agus nach bhfuil coimhdeach, ná i ngar do phríomháitreabh an ghnólachta, agus atá eisiata faoi Aguisín D, fanfaidh na réadmhaoine breise eisiata faoi Aguisín D.

   I gcás Samplaí A-C thuas, tá clubanna oíche, cógaslanna agus siopaí go léir ina gcatagóirí réadmhaoine incháilithe agus tá na réadmhaoine gaolmhara lárnach d'oibriú an ghnólachta agus tá siad coimhdeach leis an agus gar don phríomh-réadmhaoin ghnó, cé go ndéantar luacháil ar leithligh orthu agus cé go mbaineann catagóirí luachála éagsúla leo. Bheadh na réadmhaoine gaolmhara seo incháilithe don tarscaoileadh. I gcás Sampla D thuas, tá catagóir na réadmhaoine gaolmhaire in Aguisín D, tá sí lasmuigh den láthair agus níl sí coimhdeach ná i ngar don phríomháitreabh gnó. Sa sampla seo níl an réadmhaoin ghaolmhar incháilithe don tarscaoileadh.

2. **Cad é an cur chuige atá le glacadh nuair a shainaithníonn deimhniú luachála réadmhaoine aonair níos mó ná catagóir/úsáid amháin ó Aguisín C (incháilithe) agus ó Aguisín D (eisiata) araon?**

   Moltar d'údaráis áitiúla gan an tarscaoileadh a chionroinnt ná luachálacha a roinnt faoi uimhir réadmhaoine aonair. Chun críocha réadmhaoine a shainaithint i gcatagóirí incháilithe agus eisiata, measfar gurb í catagóir phríomhghníomhaíocht/úsáid an áitribh catagóir an áitribh iomláin.

Glactar leis go mbeidh cásanna ann ina mbainfidh luachálacha ó Aguisín C (inchailithe) agus ó Aguisín D (eisiata) le réadmhaoin/ lehuimhir réadmhaoine amháin. Sampla de seo ná áitreabh déantúsaíochta tionsclaíoch a bhfuil fo-úsáidí oifige, seomra taispeána, stórais nó carrchlóis aige. Is í príomhghníomhaíocht/úsáid na réadmhaoine ná déantúsaíocht agus aicmíonn an deimhniú luachála í mar Thionsclaíoch; ba cheart incháilitheacht a chinneadh ar an mbonn sin.

3. **Cad a tharlaíonn mura bhfuil an chatagóir nó an úsáid a bhaintear as réadmhaoin ar a deimhniú luachála cruinn maidir le seirbhísí/gníomhaíocht an ghnólachta atá ag úsáid an áitribh?**

Mar gheall ar eisiamh iomlán na gcatagóirí Tionsclaíocha agus Oifig, is dócha go dtiocfaidh roinnt réadmhaoine chun cinn ina mbeidh an cuspóir úsáide nó áitíochta difriúil leis an úsáid atá leagtha amach ar an deimhniú luachála. Is réadmhaoine iad seo a bheadh eisiata ar bhonn na húsáide réadmhaoine atá ar an taifead luachála ach a d'fhéadfadh a bheith incháilithe don tarscaoileadh bunaithe ar chuspóir úsáide/áitíochta iarbhír <u>más eol don údarás áitiúil é nó dá gcuirfí é sin in iúl dó</u>. Sampla de seo ná giomnáisiam a oibríonn ó réadmhaoin atá aicmithe mar Tionsclaíoch ar an deimhniú luachála. Má tá an t-údarás áitiúil sásta go bhfuil an réadmhaoin in úsáid mar ghiomnáisiam cé go bhfuil sé catagóirithe mar Tionsclaíoch ba cheart an réadmhaoin a áireamh sa tarscaoileadh.

4. **Maidir le léiriú tionchair ó ghnólachtaí atá ag áitiú réadmhaoine i gcatagóirí eisiata in Aguisín D, is féidir tuilleadh treorach a sholáthar?**

Mar gheall ar na catagóirí Oifig agus Tionsclaíoch a bheith eisiata ó scéim tharscaoilte R1 2021, is dócha go mbeidh leibhéal ard achomhairc ó ghnólachtaí atá ag áitiú réadmhaoine sna catagóirí seo. D'fhonn an riarachán a chuíchóiriú agus achomhairc a phróiseáil go tráthúil agus go héifeachtach moltar an méid seo a leanas:

(i) Más féidir leis an iarratasóir fianaise a sholáthar go bhfuil tacaíocht á fáil aige faoin CRSS ansin ceadófar an tarscaoileadh (faoi réir dearbhaithe ó DHLGH go bhfuil maoiniú i bhfeidhm).

Murar féidir leis an iarratasóir (i) a léiriú is é an chéad chéim eile ná é/iad a mheas faoi

(ii) Iarrfar ar an iarratasóir fianaise a sholáthar nach sáraíonn láimhdeachas ón ngníomhaíocht ábhartha ghnó 25% den mheánláimhdeachas seachtainiúil in 2019 sa tréimhse éilimh (nó 2020 i gcás gnólacht nua).

Maidir le fianaise a chuirtear ar fáil faoi (ii), admhaítear go bhféadfadh sé nach mbeadh údaráis áitiúla in ann figiúirí agus cuntais aonair a fhíorú (mar shampla sonraisc a athbhreithniú, ráitis bhainc, córais airgeadais srl.) Agus beidh siad ag brath ar an gcáiníocóir maidir le haighneacht ionraic a dhéanamh ina leith seo.

Tá sé faoi shainchúram an údaráis áitiúil cinneadh a dhéanamh ar an leibhéal fianaise a theastaíonn uathu ó iarratasóirí aonair, agus iad tuisceanach ar na hacmhainní atá ar fáil. Tá an liosta atá curtha ar fáil i gCeist Coitianta 12 léiritheach seachas éigeantach.

Cur chuige molta ná iarraidh ar íocóirí rátaí, mar aon le fianaise a sholáthar, dhearbhú don údarás áitiúil go bhfuil laghdú 75% ar láimhdeachas i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019 agus a chur in iúl dóibh go gcoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart , dá rogha féin, seiceálacha leantacha a dhéanamh nó fianaise bhreise a lorg chun incháilitheacht a dheimhniú, agus mura bhfuil údarás áitiúil sásta go dtacaíonn an fhianaise a sholáthraítear le hincháilitheacht, féadfar an tarscaoileadh a choinneáil siar nó a bhaint.

5. **Maidir le gnólachta sa chatagóir Oifig nach bhfuil liostaithe in Aguisín C ná in Aguisín D, an féidir le húdarás áitiúil a bhreithiúnas stuama féin maidir leis an gcatagóir is cosúla le gnólacht i gceachtar Aguisín a úsáid mar chabhair chun incháilitheacht a chinneadh.**

Aithnítear an deacracht sa réimse seo toisc go dtagraíonn na catagóirí atá liostaithe in Aguisín C agus D don úsáid réadmhaoine a chinn an Oifig Luachála. Ní bhaineann gníomhaíochtaí gnó sonracha díreach i gcónaí le húsáid réadmhaoine, go háirithe sa chatagóir Oifig atá sách leathan. Mar sin féin, fiú agus an cás sin á aithint, tá sé beartaithe réadmhaoine sa chatagóir Oifig a eisiamh ón tarscaoileadh, mura gcumhdaítear iad le ceann de na cásanna aitheanta sna Ceisteanna Coitianta nó mura féidir leis an ngnólacht atá ag áitiú na réadmhaoine an leibhéal tionchair riachtanach a léiriú.

6. **An bhfuil gairmithe cúraim sláinte i dteideal an tarscaoilte?**

Cuimsíonn Aguisín C gach catagóir sláinte ar na liostaí luachála. Dá réir sin tá aon ghairmí sláinte a oibríonn ó áitribh sna catagóirí sin díolmhaithe go huathoibríoch. Má tá údarás áitiúil ar an eolas faoi áitribh, áitithe ag gairmí sláinte a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann le sláinte, ba cheart an tarscaoileadh a chur i bhfeidhm ar na réadmhaoine sin freisin; fiú mura bhfuil baint ag an úsáid nó ag an gcatagóir ar an taifead luachála le sláinte (e.g. Oifig).

7. **An bhfuil seirbhísí gairmiúla mar shampla cuntasóirí, aturnaetha, ailtirí a bhfuil catagóir luachála "Oifige" acu nó go deimhin aon chatagóir luachála i dteideal an tarscaoilte? Tá an chatagóir 'Ceantálaí' le feiceáil in Aguisín C.**

Más é Oifig nó catagóir eile in Aguisín D an chatagóir deimhnithe luachála don réadmhaoin atá á áitiú ag an tseirbhís ghairmiúil, ba cheart í a eisiamh ón tarscaoileadh. Mar sin féin, más Miondíol (Siopa) an chatagóir, ansin tá an t-áititheoir incháilithe le haghaidh an tarscaoilte, mar go bhfuil an chatagóir Miondíol (Siopa) sách leathan agus baineann sé le réadmhaoine agus gníomhaíochtaí gnó a dhéileálann le custaiméirí agus/nó atá oscailte don tsráid.

8. **Cé na cineálacha gnó a bhfuil sé i gceist go mbeidís faoin gcatagóir 'garáiste' in Aguisín D?**

Bhí sé i gceist go mbeadh meicneoirí, deisiúcháin timpistí, miondíoltóirí bonn, trádálaithe deisiúcháin poll etc. eisiata ón tarscaoileadh i.e. go mbeidís sa chatagóir garáiste nó úsáidí tionsclaíocha, ceardlann

9. **An féidir na catagóirí Crua-earraí/DIY, Crua-earraí Miondíola (Trádstóras) agus Ollstór DIY a shoiléiriú le do thoil?**

Mar a luadh ag tús an doiciméid seo, i liosta na gcatagóirí incháilithe in Aguisín C, tá CRUA-EARRAÍ (faoi Trádstóras Miondíola) bainte agus curtha isteach ar leathanach 15, i liosta na gcatagóirí eisiata in Aguisín D. Ciallaíonn sé seo go bhfuil réadmhaoine a bhfuil an úsáid CRUA-EARRAÍ acu (faoi Trádstóras Miondíola) eisiata ón tarscaoileadh. Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil stádas na réadmhaoine a bhfuil an úsáid CRUA-EARRAÍ/DIY (faoi Miondíol Neamhriachtanach (Siopaí)) acu fós gan athrú agus incháilithe.

10. **An bhfuil carrchlóis oifige i dteideal an tarscaoilte?**

Tá réadmhaoine atá sa chatagóir Oifig eisiata ón tarscaoileadh. Chun críocha réadmhaoine a shainaithint i gcatagóirí incháilithe agus eisiata, measfar gurb í catagóir phríomhghníomhaíochta/úsáide an áitribh catagóir an áitribh iomláin. Más Oifig í

príomhghníomhaíocht/príomhúsáid na réadmhaoine, tá sí eisiata ón tarscaoileadh.

**11. Are private language schools, private colleges and computer colleges occupying properties categorised as Office excluded?**

Yes colleges and schools both under colleges and schools in Appendix D and under the office category are excluded. Ratepayers may engage with local authorities to demonstrate severe impact and qualify for the waiver, on a case by case basis.

**12. The 2020 waiver was applied to contract operated post offices, should the 2021 be applied in this manner?**

Yes, post offices are included in the waiver in the same manner as applied to the 2020 waiver.

**13. Are veterinary practices included in the waiver?**

Generally properties occupied by veterinary practices are categorised as Industrial Uses or Office on valuation certificates. Veterinary practices occupying properties in categories in Appendix D are excluded from the waiver.